AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA, DO PHRÍOMHOIDÍ AGUS DON FHOIREANN TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA

# Socruithe maidir le soláthar foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2012/13

## Réamhrá

Is é cuspóir na himlitreach seo bainistíocht agus foireann na mbunscoileanna uile a chur ar ar eolas maidir leis na socruithe faoi sholáthar foirne do bhunscoileanna don scoilbhliain 2012/13.

Cuireann an imlitir síos freisin ar na socruithe a bhaineann leis an gcaoi a gcuirfear na leasuithe ar an bpróiseas leithdháilte a foilsíodh le deireanaí i bhfeidhm ar bhonn na scoile aonair. Tá na doiciméid foilsithe seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne agus ba cheart iad a léamh i gcomhar leis an imlitir seo.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gur príomhghné de Chlár Tacaíochta AE/IMF agus de straitéis bhuiséadach fhoriomlán na hÉireann é riachtanas párolla na hearnála poiblí a laghdú. Is é an cás i gcónaí é gurb é ath-imlonnú múinteoirí buana nó múinteoirí a bhfuil CID acu (múinteoirí ar chonradh le tréimhse éiginnte) an mheicníocht atá in úsáid chun poist mhúinteoireachta a líonadh. Ní thabharfar cead do Bhoird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun folúntas múinteoireachta a líonadh go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach dteastaíonn aon phost gan líonadh d'ath-imlonnú aon duine de na múinteoirí buana le cois nó múinteoirí a bhfuil CID acu atá fanta.

## Ábhar na hImlitreach:

Is é seo a leanas struchtúr na himlitreach seo agus tá an t-eolas seo a leanas inti:

Cuid 1: Léargas ginearálta ar shocruithe maidir le soláthar foirne don scoilbhliain 2012/13

Cuid 2: Socruithe ath-imlonnaithe ag leibhéal na bunscoile

Cuid 3: Mionsonraí cúlra faoi na socruithe maidir le soláthar foirne don scoilbhliain 2012/13

Cuid 4: An Bord Acmhomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal

Aguisín A:   Táblaí sceidil do Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal don scoilbhliain 2012/13

Aguisín B:   Tairseacha rollaithe do phoist Phríomhoidí Riaracháin agus Leas-Phríomhoidí Riaracháin

Aguisín C:  Liosta de na scoileanna go léir a léiríonn na sonraí leithdháilte seo a leanas don scoilbhliain 2012/13:

- Leithdháileadh GAM/EAL do gach scoil
- Leithdháileadh buan breise do scoileanna a bhfuil líon mór daltaí acu a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu
- Liosta de bheagnach 1,700 scoil bhunáite do phoist acmhainne bhuana lánaimseartha

Aguisín D:  Foirm GAcnuasaithe2012 – Fógra faoi phoist GAM/EAL nuachnuasaithe do 2012/13

Aguisín E:  Foirm iarratais le rochtain a fháil ar an bPríomhphainéal Ath-imlonnaithe do mhúinteoirí buana le cois

Aguisín F:  Foirm iarratais le hachomhairc a dhéanamh ar an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne

**Tuilleadh eolais /FAQanna (Ceisteanna a chuirtear go minic)**

Tá nasc ag an Roinn ar leathanach tosaigh a láithreáin ghréasáin go dtí an t-eolas atá foilsithe ar phróiseas leithdháilte múinteoirí agus ar fheidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe araon. Foilseofar aon eolas breise ar phróiseas leithdháilte múinteoirí agus ar nuashonrú ar dhul chun cinn ar na painéil ath-imlonnaithe a ghlanadh ar láithreán gréasáin na Roinne freisin agus beidh sé ar fáil tríd an nasc seo. Foilseoidh an Roinn freisin liosta na gCeisteanna a Chuirtear go Minic (FAQanna) ar fheidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe agus leithdáilte múinteoirí, agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is cuí.

**Dátaí ríthábhachtacha do scoileanna maidir leis an bpróiseas ath-imlonnaithhe agus athdháilte múinteoirí**

| **Gníomh ríthábhachtach** | **An dáta don ghníomh a bheith curtha i gcrích** |
|---|---|
| Cuireann na táblaí rollaithe don sceideal soláthair foirne in Aguisín A ar chumas scoileanna a leibhéil sholáthair foirne phríomhshrutha don scoilbhliain 2012/2013 a sheiceáil. Cuireann na táirseacha rollaithe in Aguisín B ar chumas scoileanna a dteidlíocht i leith stádas Phríomhoide Riaracháin agus/nó Leas-Phríomhoide a sheiceáil | Láithreach |
| Caithfidh scoileanna a n-oibreoir painéil iomchuí (e.g. Rúnaí na Deoise, etc.) a chur ar an eolas faoi aon fholúntas buan agus ar théarma seasta a bheidh ann go luath ag éirí as a) an sceideal soláthair foirne nó b) fáth ar bith eile atá ar eolas ag an tráth seo i.e., dul ar scor, etc.<br><br>Ní mór folúntais bhuana agus ar théarma seasta ina dhiaidh sin a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre ón uair ar eol don Chathaoirleach nó don Phríomhoide an folúntas a bheith ann | 16 Márta 2012 |
| Ba cheart do scoileanna a leithdháileadh GAM/EAL in Aguisín C a sheiceáil agus tús a chur láithreach ansin leis an bpróiseas chun uaireanta GAM/EAL a chnuasach i bpoist lánaimseartha (25 uair a chloig) le scoileanna in aice láimhe. Caithfidh scoileanna bunáite fógra a thabhairt don Roinn faoi na cnuas-socruithe nua d'uaireanta GAM/EAL ar an bhFoirm GAcnuasaithe 2012 (Aguisín D). | Láithreach<br><br>16 Márta, 2012 |
| Ba chóir do scoileanna a bhfuil múinteoirí buana le cois acu a shocrú go gcuirfí Foirm(eacha) Iarratais ar an bPainéal Ath-imlonnaithe chomhlánaithe in Aguisín E ar ais go dtí an Roinn | 16 Márta, 2012 |
| Tionólfaidh an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne cruinnithe in Aibreán, sa Mheitheamh agus i nDeireadh Fómhair. Is é 23 Márta 2012 an dáta deiridh d'foirmeacha achomhairc comhlánaithe don chruinniú in Aibreán. | 23 Márta 2012 |
| Tá sé mar aidhm ag an Roinn go bhfoilseofar na painéil ath-imlonnaithe go luath tar éis do scoileanna filleadh ó shaoire na Cásca. Cuirfear an dáta cruinn in iúl do scoileanna ar láithreán gréasáin na Roinne. Bainfear úsáid as láithreán gréasáin na Roinne freisin le scoileanna a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn ar ghlanadh painéal ath-imlonnaithe. | Lár go deireadh Aibreáin, 2012 |
| Ba chóir do scoileanna atá ag cur isteach ar phoist fhorbraíochta ar bhonn líon a rollaithe réamh-mheasta do Mheán Fomhair 2012 é seo a dhéanamh ar an Aoine 4 Bealtaine, nó roimhe. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn réamh-mheastacháin rollaithe readúil. | 4 Bealtaine 2012 |
| Measann an NCSE go dtabharfar fógra do scoileanna i mBealtaine 2012 faoina leithdháileadh ceadaithe d'uaireanta acmhainne don scoilbhliain 2012/13. Déanfar roinnt leithdháiltí eile, de réir mar a theastaíonn, i rith na scoilbhliana.<br>Is é an líonra de bhreis agus 2,500 post acmhainne | Bealtaine, 2012 ar aghaidh |

| | |
|---|---|
| réamhcheadaithe lánaimseartha i mbeagnach 1,700 scoil bhunáite an phríomh-mheicníocht chun na huaireanta acmhainne seo a sheachadadh ag leibhéal na scoile aonair. Leithdháilfear poist acmhainne pháirtaimseartha den chuid is mó ar scoileanna nach bhfuil ar a gcumas rochtain a fháil ar acmhainneacht teagaisc bhreise sna poist lánaimseartha sin. Tá cur síos ar shonraí eile maidir leis na socruithe seo i gCuid 1 den Imlitir seo. Foilseofar breis eolais ar láithreán gréasáin na Roinne in am trátha. | |

**Ceisteanna**

Má tá ceisteanna agat maidir le leithdháileadh foirne do do scoil tar éis duit an imlitir seo a léamh, féadfaidh tú na ceisteanna a sheoladh ar ríomhphost chuig primaryallocations@education.gov.ie.

Hubert Loftus
Príomh-Oifigeach
Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí

Feabhra, 2012

# Cuid 1

## Léargas ar shocruithe maidir le soláthar foirne don scoilbhliain 2012/13

Is léargas é seo a leanas ar na príomhghnéithe de na socruithe maidir le soláthar foirne a fheidhmeoidh i mbunscoileanna don scoilbhliain 2012/13:

**1. Poist mhúinteoireachta ranga phríomhshrutha**

Tá na táblaí rollaithe d'fheidhmiú an sceidil soláthair foirne don scoilbhliain 2012/13 liostaithe in **Aguisín A** den Imlitir seo. (cuir an nasc isteach). Cuireann sé seo ar chumas scoileanna seiceáil a dhéanamh anois ar a leibhéil foirne phríomhshrutha don scoilbhliain 2012/13.

Níl aon mhéadú ar mheán ginearálta an sceidil soláthair foirne de 28:1 do leithdháileadh múinteoirí ranga ag an leibhéal bunscoile. Ach tá méadú céimnithe i dtáirseach na ndaltaí do leithdháileadh múinteoirí ranga i mbunscoileanna beaga.

Áirítear sna táblaí rollaithe in Aguisín A na sceidil soláthair foirne nua atá á dtabhairt isteach do scoileanna DEIS Uirbeach Banda 1. Tiocfaidh sé seo in áit an chuir chuige atá ann faoi láthair ina chinneann an Roinn leithdháileadh breise nó "breisithe" ar an sceideal soláthair foirne caighdeánach atá ann faoi láthair chun tacú le riachtanais DEIS maidir le méideanna ranga níos lú i ranganna sóisearacha go háirithe.

Tá poist a leithdháiltear ar bhonn an sceidil soláthair foirne ceaptha go sonrach do ranganna príomhshrutha agus ba chóir iad a ath-imlonnú dá réir. Iarrtar ar údaráis scoile a chinntiú go gcoinnítear líon na ndaltaí i rang ar bith chomh híseal agus is féidir, ag cur na dtoscaí comhthéacsúla ábhartha go léir san áireamh (e.g. cóiríocht ranga, rollú athraitheach etc.). Ach ba chóir d'údaráis scoile, nuair is féidir, leas a bhaint as a bhféinriail faoin sceideal soláthair foirne chun méideanna ranga níos lú a fheidhmiú do ranganna sóisearacha.

**2. Príomhoidí Riaracháin agus Leas-phríomhoidí Riaracháin**

Beidh na critéir do cheapadh **Príomhoidí Riaracháin** bunaithe ar an líon dalta amháin agus ní ar líon daltaí don chuid is mó agus ar an líon múinteoirí freisin mar atá sa chur chuige atá ann faoi láthair. Déanfar cinneadh faoi phoist **Leas-phríomhoidí Riaracháin** ar bhonn comhchosúil nuair a eascraíonn siad.

Tá breac-chuntas ar na táirseacha rollaithe ábhartha do cheapadh Príomhoidí Riaracháin agus Leas-phríomhoidí Riaracháin in **Aguisín B** den Imlitir seo.

Leis an aisitriú go dtí socruithe do Phríomhoidí Riaracháin agus Leas-phríomhoidí Riaracháin atá á dtiomáint go hiomlán ag an rollú a éascú, féadfaidh scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste ag an athrú rialach a stádas riaracháin a choinneáil go dtí go mbíonn Príomhoide nó Leas-phríomhoide eile ann sa scoil, de réir mar is cuí, an fhaid is go sásaíonn siad an riail láithreach i gcónaí.

Mar bheart féinrialach breise cuirfear deireadh leis an gcosc ar Phríomhoidí Teagaisc a bheith ag obair mar mhúinteoirí Tacaíochta Acmhainne/Foghlama ó Mheán Fómhair 2012. Foilseoidh Rannóg Oideachais Speisialta na Roinne treoirlínte d'fheidhmiú na socruithe seo go luath.

## 3. Samhail Leithdháilte Ginearálta (GAM) agus EAL (Tacaíocht Teanga) a Chomhcheangal

Tá coigeartú á dhéanamh ar an tSamhail Leithdháilte Ginearálta tacaíochta do scoileanna le leithdháileadh ginearálta agus tacaíocht teanga a chomhcheangal ina leithdháileadh simplithe agus aonair do gach bunscoil. Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil do scoileanna a bhfuil comhchruinniú ard daltaí acu a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu.

Gabhfaidh na socruithe seo in ionad an phróisis leithdháilte a leagtar síos i (Alt 2) Cuid 6 agus in Aguisín 2 d'Imlitir 02/05 don tSamhail Leithdháilte Ginearálta agus in Imlitir 0015/2009 do thacaíocht teanga, faoi seach.

Beidh féinriail ag scoileanna maidir leis an gcaoi ar chóir an acmhainn a leithdháileadh idir tacaíocht teanga agus tacaíocht foghlama ag brath ar a riachtanais shonracha féin. Ba chóir do scoileanna leanúint orthu ag úsáid na bpacaí measúnaithe teanga don mheasúnú tosaigh beacht agus don mheasúnú leanúnach ar inniúlacht teanga daltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu (féach Imlitir 0015/2009 mar thagairt).

Ba chóir do scoileanna leanúint orthu ag déanamh tagartha don treoir tugtha in Imlitir 02/05 (Cuid 3 – Cuid 5) maidir le daltaí a chuimsítear do thacaíocht foghlama iad faoin tSamhail Leithdháilte Ginearálta, imlonnú acmhainní teagaisc do riachtanais oideachais speisialta, agus pleanáil i scoileanna aonair.

Baineann leithdháileadh coibhéis thart ar 4,100 post leis an bpróiseas leithdháilte aonair do GAM agus do thacaíocht teanga, mar a leanas:

| An Cineál Scoile | Leithdháileadh in aghaidh an phoist mhúinteoireachta ranga phríomhshrutha |
|---|---|
| Scoil do bhuachaillí amháin | 5 uair in aghaidh na seachtaine (0.2 de phost) |
| Scoil mheascaithe | 5 uair in aghaidh na seachtaine (0.2 de phost) |
| Scoil do chailíní amháin | 4 uair in aghaidh na seachtaine (0.16 de phost)* |

*cothromaithe suas/síos go dtí an 0.2 is congaraí do phost chun cnuasach i bpoist lánaimseartha (25 uair) a éascú

Tá an leithdháileadh GAM/EAL do gach scoil liostaithe in Aguisín C. Tá sé bunaithe ar an líon post ranga príomhshrutha i scoileanna sa scoilbhliain reatha (2011/12).

Tá na leithdháiltí thuas ceaptha cruthú post GAM/EAL lánaimseartha (25 uair an chloig in aghaidh na seachtaine i ngach post lánaimseartha) a éascú ina scoil féin nó iad a roinnt le scoil chomharsanachta eile. Os rud é go bhfuil na leithdháiltí nua i mblocanna 5 uair an chloig (comhionann le 1 lá scoile) féadfaidh scoileanna a socruithe comhroinnte a oibriú ar bhealach a chuirfeadh ar chumas mhúinteoir a chaithfidh taisteal go dtí scoil comharsanacha é sin a dhéanamh ag tús an lae scoile, nuair is féidir sin.

Cuirfear idirdhealú sa leithdháileadh GAM/EAL do scoileanna Banda 1 DEIS i bhfeidhm i gcónaí. Mar seo a leanas a fheidhmeofar é:

- Scoileanna i mBanda 1 DEIS, tabharfar leithdháileadh bunaidh breise 0.4 de phost dóibh má bhíonn 200 dalta nó níos mó ag an scoil, nó 0.2 de phost breise má bhíonn níos lú ná 200 dalta ag an scoil.

Léiríonn na leithdháiltí GAM do scoileanna in Aguisín C na bunleithdháiltí breise sin maidir le scoileanna Banda 1 DEIS.

Scoileanna nuabhunaithe agus scoileanna atá ag fobairt go tapa:

Beidh leithdháileadh GAM/EAL scoileanna atá nuabhunaithe sa scoilbhliain 2012/13 bunaithe ar a bpoist ranga phríomhshrutha don scoilbhliain 2012/13.

Féadfaidh scoileanna atá á bhforbairt go tapa (i.e. a faomhadh do 2 phost forbraíochta nó níos mó don scoilbhliain 2012/13) iarratas a dhéanamh freisin a leithdháileadh GAM/EAL don scoilbhliain 2012/13 a bheith bunaithe ar líon a bpost ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2012/13. Ba chóir do scoileanna dá leithéid cur isteach ar a bpoist fhorbraíochta a luaithe agus is féidir chun a socruithe cnuasacha GAM a éascú.

**4. Leithdháiltí breise do scoileanna a bhfuil comhchruinniú ard daltaí acu a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu**

Leithdháilfear leithdháileadh buan breis agus 370 post ar scoileanna a bhfuil comhchruinniú ard daltaí acu a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu, agus na critéir seo a leanas á n-úsáid:

| Leithdháileadh reatha post tacaíochta teanga | Leithdháileadh post tacaíochta teanga do 2012/13 |
|---|---|
| 2 phost shealadacha | 1 phost buan |
| 3 phost shealadacha | 2 phost bhuana |
| 4 phost shealadacha | 3 phost bhuana |
| 5 nó 6 phost shealadacha | 4 phost bhuana |

Tá liosta de na scoileanna a bhfuil na poist sin acu leagtha amach in Aguisín C.

Más iomchuí féadfar scoileanna sinsearacha agus sóisearacha a bhfuil comhchruinniú ard daltaí acu a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu, a bhreithniú i gcomhpháirt chun críocha leithdháileadh na bpost buan seo.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar riachtanas leanúnach na bpost tacaíochta teanga buan breise thuas ar bhonn rialta ag cur treochtaí rollaithe agus líon na ndaltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu san áireamh.

An Próiseas Achomhairc:

Cuirfear tacaíocht teanga shealadach bhreise ar fáil freisin, de réir mar is gá, do na scoileanna dá dtagraítear thuas agus d'aon scoil eile a mbeidh comhchruinniú ard daltaí (20%, 25% roimhe seo) a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu sa scoilbhliain 2012/13. Déanfar na leithdháiltí seo ar bhonn achomharc ó aon cheann de na scoileanna seo ar an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne (féach Cuid 4). Cuirfear stádas DEIS scoile san áireamh in aon iarratas achomhairc.

Déanfar líon na bpost tacaíochta teanga atá ar fáil le leithdháileadh tríd an bpróiseas achomhairc a íoschoigeartú sna blianta atá romhainn ag teacht leis na laghduithe a fógraíodh i mBuiséad 2010.

**5. Poist acmhainne**

Mar chuid de na leasuithe ar an bpróiseas leithdháilte múinteoirí tá poist atá ann cheana á n-úsáid chun líonra breis agus 2,500 post acmhainne lánaimseartha a bhunú i mbeagnach 1,700 scoil bhunáite ar fud na tíre. Déanfar na poist seo a leithdháileadh ar bhonn buan agus tabharfaidh na múinteoirí iontu faoi uaireanta acmhainne faofa ag NCSE (íosmhinicíocht) sna scoileanna bunáite nó i scoileanna comharsanacha.

Aithníodh na scoileanna bunáite do na poist acmhainne seo trí na critéir sa tábla thíos a úsáid:

| Leithdháileadh faofa NCSE sa scoilbhliain 2011/12 amhail 31 Nollaig 2011 | Líon post acmhainne buan le hóstáil i scoileanna bunáite (cumas 25 uair an chloig i ngach post) |
|---|---|
| Níos lú ná 15 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | 0 post |

| | |
|---|---|
| 15 go 38 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | 1 phost |
| Breis agus 38 uair an chloig agus suas le 70 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | 2 phost |
| Breis agus 70 uair an chloig agus suas le 95 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | 3 phost |
| Breis agus 95 uair an chloig agus suas le 120 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | 4 phost |
| Breis agus 120 uair an chloig agus suas le 145 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | 5 phost |
| 1 phost breise do gach 25 uair an chloig bhreise ina dhiaidh sin | |

Foilsítear liosta iomlán thart ar 1,700 scoil bhunáite in Aguisín C den Imlitir seo. Ceanglófar ar scoileanna bunáite comhoibriú lena scoileanna comharsanacha chun a chinntiú go gcuirtear aon fharasbarr cumais sna poist acmhainne (25 uair an chloig) ar fáil do scoileanna comharsanacha le freastal ar a riachtanais uaireanta acmhainne. Mura ndéanann siad seo d'fhéadfadh go n-athbhunófaí an post i scoil chomharsanach eile ina n-áit.

Déanfar athbhreithniú rialta ar shuíomh na scoileanna bunáite do phoist acmhainne chun a chinntiú, go sonrach, go léiríonn sí riachtanais scoileanna nuabhunaithe agus scoileanna atá i mbéal forbartha go tapa.

Ní féidir na socruithe comhroinnte maidir leis na poist acmhainne lánaimseartha seo a dhéanamh go dtí go dtugann an NCSE fógra do scoileanna i mBealtaine 2012 faoina n-uaireanta acmhainne faofa don scoilbhliain 2012/13. Ag an staid sin beidh ar scoileanna dul i gcomhairle lena scoileanna bunáite comharsanacha a bhfuil na poist acmhainne buan acu faoi aon chumas breise sula dtéann siad i dteagmháil leis an Roinn do phoist acmhainne shealadacha pháirtaimseartha den chuid is mó. Cuireann an cur chuige seo leis na socruithe eatramhacha a bhí i bhfeidhm i 2011 ach ar bhealach i bhfad níos struchtúrtha agus trédhearcaí. Breithneoidh an Roinn an tráth sin, comhiarratais ó scoileanna den sórt sin freisin ar phost acmhainne sealadach comhroinnte lánaimseartha mar rogha ar gach aon scoil ag déanamh iarratais ar phoist acmhainne sealadacha páirt-aimseartha ar leithligh. Ba chóir a thabhairt ar aird go n-éileoidh an Roinn go mbainfear úsáid iomlán as aon chumas breise sna poist acmhainne buana lánaimseartha i scoileanna comharsanacha ar dtús sula gceadóidh sí aon iarratas den sórt sin.

Trína ról i leithdháileadh acmhainní beidh ról maoirseachta ag an SENO áitiúil maidir le socruithe comhroinnte idir scoileanna sa chaoi gur féidir leo feidhmiú a éifeachtaí agus is féidir agus gur féidir an t-am a chailltear trí thaisteal idir scoileanna a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Foilseoidh an Roinn tuilleadh eolais ar a láithreán gréasáin lena n-áirítear na foirmeacha iarratais ábhartha do phoist acmhainne pháirtaimseartha.

### 6. Socruithe Cnuasacha do phoist GAM/EAL chomhroinnte

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go mbeidh deireadh go huathoibríoch le **gach** socrú cnuasach atá ann faoi láthair ag deireadh na scoilbhliana 2011/12.

Mar chuid d'fhéinriail bhreisithe do scoileanna feidhmeofar athchnuasach d'uaireanta GAM/EAL i bpoist lánaimseartha ag an leibhéal scoile in áit an chuir chuige treoraithe ag an Roinn a bhí ann go dtí seo.

**Mar gheall ar an amlíne níos deireanaí do leithdháileadh uaireanta acmhainne ag an NCSE, ní bheidh cead ag scoileanna uaireanta acmhainne faofa NCSE agus GAM/EAL a chomhcheangal i bpoist lánaimseartha.**

Comhairlaítear do scoileanna ón uair a bhunaítear cnuasach GAM/EAL, nach féidir aon athruithe eile a dhéanamh ar an gcomhcheangal cnuasach amach anseo ach amháin:

1. Má bhíonn athrú ar na huaireanta GAM/EAL d'aon cheann de na scoileanna sa chnuasach i scoilbhliain ina dhiaidh sin, nó,
2. Má aontaíonn na scoileanna go léir sa chnuasach deireadh a chur leis an socrú cnuasach.

Beidh an leithdháileadh GAM/EAL atá leagtha amach san imlitir seo ar choinníoll go ndéanfaidh scoileanna iarracht réasúnta a gcuid uaireanta GAM/EAL a chomhcheangal i bpoist GAM/EAL lánaimseartha trí theagmháil le scoileanna comharsanacha. Molann an Roinn go láidir do na scoileanna go léir, mar sin, gach iarracht a dhéanamh a gcuid uaireanta GAM/EAL a chomhcheangal le post lánaimseartha (25 uair an chloig) a bhaint amach trí shocruithe comhroinnte le scoil chomharsanach/scoileanna comharsanacha.

Ní mór do scoileanna an Roinn a chur ar an eolas faoina socruithe cnuasacha nua d'uaireanta GAM/EAL do 2012/2013 ar Fhoirm GAcnuasaithe2012 in **Aguisín D**. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig Rannóg Leithdháiltí Bunscoileanna na Roinne a luaithe agus is féidir ach gan a bheith níos deireanaí ná am scoir **Dé hAoine 16 Márta 2012.**

Déanfaidh an Roinn uaireanta GAM/EAL atá cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha agus a fhaightear roimh an spriocam seo, a fhaomhadh go huathoibríoch. Déanfaidh an Roinn scoileanna nach gcuireann an fhoirm chomhlánaithe ar ais laistigh den fhráma ama thuas nó i gcás nach ndéantar uaireanta iomlána GAM/EAL scoile a chnuasach ina bpoist lánaimseartha, a phróiseáil ar leithligh níos deireanaí. Más gá agus más iomchuí, féadfaidh an Roinn an deis a thapú próiseas cnuasaigh treoraithe ag an Roinn a chur i bhfeidhm ar uaireanta GAM/EAL atá fágtha chun ath-imlonnú aon mhúinteoir bhuain le cois atá fágtha a éascú.

### 7. Cén fáth nach gceadaíonn an Roinn a thuilleadh do scoileanna uaireanta acmhainne NCSE agus GAM a chnuasach le poist lánaimseartha a dhéanamh ina scoileanna féin?

Cé go bhféadfadh go bhfuil a dtosaíochtaí féin ag scoileanna aonair ní mór don Roinn an staid náisiúnta foriomlán a bhreithniú maidir le feidhmiú na socruithe nua. Áirítear orthu seo cúinsí mar:

- An gá leithdháileadh GAM do na scoileanna uile a nuashonrú ag cur san áireamh go raibh sé bunaithe do chuid mhaith acu ar a líon ar rolla i Meán Fómhair 2003. Chun é seo a dhéanamh agus chun go mbeadh córas ann freisin a bhféadfaí nuashonrú a dhéanamh air go bliantúil, bhí sé riachtanach déileáil le GAM ar leithligh. Déantar leithdháiltí ar leibhéal scoile aonair i mblocanna 5 uair an chloig chun go mbeadh oiread uaireanta agus is féidir á gcur i bpoist lánaimseartha (25 uair an chloig). Den leithdháileadh foriomlán 4,100 post comhionann lánaimsire beidh thart ar dhá thrian díobh ina bpoist neamhspleácha lánaimseartha i scoileanna agus is í an aidhm atá ann go mbeidh formhór mór den chuid atá fágtha á gcnuasach ina bpoist GAM/EAL lánaimseartha comhroinnte le scoileanna sa chomharsanacht. Tá na cnuasaigh nua le bunú faoi 16 Márta 2012 rud a thabharfaidh cinnteacht maidir leis na poist chnuasaithe sin.

- Leithdháiltear uaireanta acmhainne NCSE ó Bhealtaine ar aghaidh gach bliain. Ciallaíonn an fráma ama níos deireanaí seo nach raibh aon chinnteacht ag scoileanna faoina bpoist mhúinteoireachta go dtí go raibh an cnuasach agus athchnuasach na n-uaireanta seo a d'eascair dá bharr ina bpoist lánaimseartha, déanta. Chuir sé seo isteach ar fheidhmiú réidh an phróisis ath-imlonnaithe agus imdháilte múinteoirí agus d'fhág go raibh an próiseas ar siúl ar feadh an tsamhraidh agus isteach san Fhómhar. Tá sé an-deacair múinteoirí buana le cois a ath-imlonnú sa san Fhómhar agus níos deireanaí sa scoilbhliain tráth a mbíonn formhór na bhfolúntas líonta cheana. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach go háirithe i dtimpeallacht bhuiséid shocraithe agus uasteorann socraithe ar an líon múinteoirí nuair nach bhfuil sé indéanta níos mó go bhfanfadh múinteoirí le cois i scoil.

- Áiríodh neamhéifeachtaí bunúsacha sna socruithe cnuasacha a bhí ann trína bhféadfadh scoileanna poist lánaimseartha a choinneáil ar níos lú ná 25 uair an chloig (d'fhéadfadh sé a bheith chomh híseal le 19 uair an chloig i gcásanna áirithe). Feidhmíonn na socruithe nua GAM i mblocanna 5 uair an chloig chun feidhmiú tacaíocht GAM idir scoileanna ó lá go lá a éascú agus chun a chinntiú freisin go mbaintear úsáid iomlán as poist GAM lánaimseartha (25 uair an chloig i ngach post). Beidh an Roinn ag éileamh freisin go mbainfear úsáid iomlán as aon chumas breise i bpoist acmhainne lánaimseartha sula gceadaíonn sí poist acmhainne pháirtaimseartha do scoileanna comharsanachta.

## 8. Socruithe áitiúla maidir le múinteoirí i bpoist chomhroinnte

Mar gheall ar an amlíne níos deireanaí do leithdháileadh uaireanta acmhainne ag an NCSE, **ní bheidh cead ag scoileanna uaireanta acmhainne faofa NCSE agus GAM/EAL a chomhcheangal** ina bpoist lánaimseartha.

Ach beidh an Roinn ag obair le scoileanna agus leis na comhpháirtithe oideachasúla ábhartha chun a chinntiú go bhfeidhmíonn na socruithe nua chomh heifeachtúil agus is féidir le go n-éireoidh leo laistigh de na teorainneacha socraithe ar an líon múinteoirí agus go n-íoslaghdaítear aon am a chailltear de bharr taistil idir scoileanna.

Nuair atá an próiseas ath-imlonnaithe agus leithdháilte críochnaithe sa Samhradh tabharfar rogha éigin do scoileanna a chomhlíon na socruithe a bhfuil breac-chuntas orthu san Imlitir seo, a **socruithe áitiúla sealadacha féin** a fheidhmiú, nuair is féidir, **maidir leis na socruithe oibre do mhúinteoirí i bpoist chomhroinnte lánaimseartha ó la go lá**.

D'fhéadfadh, mar shampla, na socruithe áitiúla sealadacha sin a bheith i bhfeidhm idir scoileanna don scoilbhliain 2012/13ar an tslí seo a leanas:

- Is í Scoil A an scoil bhunáite do phost acmhainne lánaimseartha. Tá 10 uair an chloig GAM/EAL aici le cnuasach le scoil eile freisin.
- <u>Ní</u> scoil bhunáite do phost acmhainne lánaimseartha í Scoil B. Tá 15 uair an chloig GAM/EAL aici le cnuasach le scoil eile.
- Cnuasaíonn Scoil A agus Scoil B a gcuid uaireanta GAM/EAL le chéile i bpost GAM/EAL lánaimseartha atá bunaithe i Scoil B, roimh an 16 Márta 2012.
- Cuireann an NCSE scoileanna ar an eolas i mBealtaine maidir lena gcuid uaireanta acmhainne ceadaithe don scoilbhliain 2012/13. Tugtar leithdháileadh uaireanta acmhainne de 20 uair an chloig do Scoil A mar thoradh air sin. Baintear úsáid as an gcumas breise eile de 5 uair an chloig sa phost acmhainne lánaimseartha trí shocrú comhroinnte le Scoil B, chun cabhrú lena riachtanais uaireanta acmhainne siúd a chomhlíonadh.
- Féadfaidh Scoil A agus Scoil B comhaontú a dhéanamh chun a gcuid socruithe comhroinnte áitiúla féin a fheidhmiú maidir leis na múinteoirí sa dá phost comhroinnte lánaimseartha d'fhonn an méid taistil idir an da scoil a íoslaghdú.

Foilseofar samplaí eile de na socruithe áitiúla sealadacha sin ar láithreán gréasáin na Roinne in am trátha.

Samhlaítear go mbeidh aon rogha maidir le socruithe comhroinnte áitiúla a fheidhmiú teoranta do na scoileanna sin:

a bhfuil a gcuid uaireanta GAM/EAL go léir cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha in a scoil féin nó comhroinnte le scoileanna comharsanacha faoi 16 Márta 2012;

<u>agus</u>

go mbainfear <u>leas iomlán</u> as an gcumas 25 uair an chloig sna poist acmhainne buana lánaimseartha atá bunaithe ina scoil féin nó i scoileanna comharsanacha. Ní chinnfear sin go dtí go mbeidh próiseas leithdháilte an NCSE

déanta agus go mbainfear leas as aon chumas breise sna poist i socruithe comhroinnte le scoileanna comharsanacha ó thaobh uaireanta acmhainne NCSE.

agus

a thiocfaidh deireadh go huathoibríoch le haon socruithe áitiúla sealadacha idir scoileanna maidir leis na socruithe oibre ó lá go lá do mhúinteoirí i bpoist chomhroinnte ag deireadh na scoilbhliana 2012/13 agus nach mbeidh tionchar acu ar an bpróiseas ath-imlonnaithe nó leithdháilte múinteoirí.

**9. Poist oidhreachta faoi mhíbhuntáiste a bhí ann roimh thionscnamh DEIS**

Áiríodh foráil i mBuiséad 2012 d'aistarraingt chéimnithe post oidhreachta ó na scoileanna sin a bhí i gcláir/scéimeanna faoi mhíbhuntáiste níos luaithe, scéimeanna a tháinig roimh thionscnamh DEIS a tugadh isteach i 2005. Tá an tuarascáil, chun scrúdú a dhéanamh ar an nglan-éifeacht i dtéarmaí post ar bhunscoileanna uirbeacha Banda 1 agus Banda 2 DEIS, a raibh poist bhreise a leithdháileadh faoi na scéimeanna níos luaithe sin coinnithe acu, tugtha chun críche anois agus beidh Aonad um Chuimsiú Sóisialta na Roinne ag scríobh chuig na scoileanna sin agus chuig gach scoil DEIS ar leithligh sna seachtainí atá romhainn maidir lena socruithe soláthair foirne don scoilbhliain 2012/13.

**10. Socruithe céimnithe teoranta**

Beidh socruithe céimnithe teoranta ann do scoileanna ina imríonn comhcheangal de bhearta leasaithe agus buiséid drochthionchar ar leith ar leithdháileadh foriomlán scoile. Feidhmeofar é seo tríd an bpróiseas achomhairc reatha um sholáthar foirne. Beidh scoileanna atá ceaptha 3 phost nó níos mó a chailleadh de bharr an chomhcheangail de bhearta leasaithe agus buiséid, ábalta iarratas a dhéanamh ar an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne d'fhonn cuid de chailleadh na bpost a chur siar go dtí an scoilbhliain 2013/14.

Tá an fhoirm iarratais chun achomhairc a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne in **Aguisín F** den Imlitir seo.

# Cuid 2

## Socruithe ath-imlonnaithe ag an leibhéal bunscoile

Beidh feidhm leis na feabhsuithe seo a leanas ar na socruithe ath-imlonnaithe atá ann (atá bunaithe go príomha ar a raibh ann don scoilbhliain 2011/12) ó thús na scoilbhliana 2012/13.

Foilseofar tuilleadh mionsonruithe maidir le feidhmiú socruithe an phainéil ar leithligh i gcuid FAQ de láithreán gréasáin na Roinne.

Is é cur chuige na Roinne maidir le feidhmiú na socruithe iarmharacha a bhfuil breac-chuntas orthu i B thíos ná comhaontú trí chomhthuiscint. Chuige seo beidh comhairliúchán leanúnach ar siúl leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le feidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe.

## A: Socruithe Ginearálta

**1. Próiseas ath-imlonnaithe do mhúinteoirí buana agus múinteoirí a bhfuil CID acu**

(i) Tá gach príomhphainéal cruthaithe do mhúinteoirí buana agus múinteoirí a bhfuil CIDanna acu chun a chinntiú go dtairgtear folúntais do na múinteoirí sin ar an gcéad dul síos.

(ii) Caithfear folúntais mhúinteoireachta a thairscint do mhúinteoirí buana agus múinteoirí a bhfuil CID acu san ord tosaíochta seo a leanas:

- Folúntais bhuana laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise)
- Folúntais shainchuspóra agus folúntais ar théarma seasta laistigh de limistéar an phainéil (e.g. deoise) ar feadh tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre i Samhain nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad.

(iii) Féadfaidh múinteoirí buana agus CID le cois a shocrú go nglacfaidh siad le post lasmuigh den achar 45km agus féadfaidh sé seo cuidiú leis an gceanglas d'fheidhmiú na socruithe teagmhasacha a leagtar amach in Uimh 2 agus Uimh. 3 den doiciméad seo a laghdú:

**2. Ath-imlonnú idirdheoise**

I gcás nach n-éiríonn leis na socruithe a bhfuil cur síos orthu in Uimh. 1 thuas ath-imlonnú na múinteoirí buana le cois uile agus na múinteoirí uile a bhfuil CID acu ar phainéal deoise a bhaint amach, ansin ní mór gach post atá gan líonadh i gcónaí i scoileanna i ndeoisí tadhlacha a bheith ar fáil do na múinteoirí sin, agus líonadh na bpost sin le baint amach trí chomhoibriú idirdheoise.

## B: Socruithe Iarmharacha

**3. Socruithe ath-imlonnaithe d'aon mhúinteoir buan le cois agus d'aon mhúinteoir a bhfuil CID aige**

Má bhíonn aon mhúinteoirí buana iarmharacha le cois ann agus múinteoirí iarmharacha le cois a bhfuil CID acu, ansin teastóidh socruithe breise lena n-ath-imlonnú i bhfolúntais i scoileanna a éascú.

Ní úsáidfear na socruithe breise seo ach amháin sa chás nach bhfuil aon roghanna malartacha inmharthana ann d'ath-imlonnú na múinteoirí buana le cois atá fágtha agus na múinteoirí le cois a bhfuil CID acu. Déanfar na socruithe beachta a úsáidfear a chinneadh ar bhonn cás ar chás i bpléití leis na comhpháirtithe oideachasúla ábhartha agus leis an bPátrún ábhartha. Úsáidfear na prionsabail seo a leanas d'fheidhmiú na socruithe sin:

(i) Ar an gcéad dul síos déanfar an cás a scrúdú féachaint an bhfuil aon solúbthacht i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 maidir leis an achar 45km don ath-imlonnú a bhféadfaí a chur i bhfeidhm go cuí mar bhealach leis an múinteoir buan le cois agus an múinteoir le cois a bhfuil CID aige a ath-imlonnú chuig scoil den chineál pátrúnachta céanna.

(ii) Ar an dara dul síos scrúdófar an scóp d'ath-imlonnú an mhúinteora bhuain le cois agus an mhúinteora le cois a bhfuil CID aige atá le baint amach ar bhonn roghnach, trí iarratas á dhéanamh ag an múinteoir go gcuirfí ar phainéal de phátrúnacht de chineál eile é/í. Is faoin bpátrún ábhartha atá toiliú don iarratas seo.

(iii) Mura bhfuil aon rogha inmharthana eile ar fáil ansin déanfar leithdháileadh sealadach ar fholúntas i scoil de chineál eile pátrúnachta. Is do thréimhse na scoilbhliana ábhartha a bheidh an leithdháileadh sealadach seo. Coinneoidh aon mhúinteoir ar leithdháileadh sealadach ar an mbealach seo a chearta painéil reatha don phainéal ath-imlonnaithe ábhartha dá scoil bhunaidh. Ní ghnóthóidh múinteoirí dá leithéid cearta painéil i leith an phainéil ath-imlonnaithe atá bainteach leis an scoil ina bhfuil an leithdháileadh sealadach. Beidh ar mhúinteoirí dá leithéid cloí le ceanglais an Bhoird Bhainistíochta maidir lena oibleagáid seasamh le héiteas na scoile, i gcomhréir leis an dlí.

## C: Eile

### 4. Painéal ath-imlonnaithe don Fhoras Pátrúnachta

Cuirfidh na feabhsuithe seo ar shocruithe ath-imlonnaithe ar chumas na Roinne painéal ar leith a cheadú do scoileanna faoi phátrúnacht An Forais Phátrúnachta.

### 5. Comhairliúchán leanúnach

Tionólfar cruinnithe rialta idir an Roinn, na comhlachtaí bainistíochta éagsúla agus an INTO le monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na bhfeabhsuithe thuas sna socruithe ath-imlonnaithe.

# Cuid 3

## 1. Mionsonraí cúlra maidir le socruithe soláthair foirne don scoilbhliain 2012/13

(i) **Tá sé tábhachtach do scoileanna a thabhairt ar aird nach féidir folúntais mhúinteoireachta buana agus ar théarma seasta a líonadh ach le múinteoirí buana nó múinteoirí a bhfuil CID acu ón bpríomhphainéal ath-imlonnaithe ábhartha.** Ní cheadaítear do Bhoird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun folúntas múinteoireachta buan nó ar théarma seasta a líonadh ar aon bhealach eile go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach dteastaíonn poist gan líonadh d'ath-imlonnú aon mhúinteoir buan atá fanta agus aon mhúinteoir fanta a bhfuil CID aige ar phríomhphainéal. Braithfidh an t-am nuair is féidir folúntais mhúinteoireachta a líonadh ar aon bhealach eile ar cé chomh tapa is a ndéantar múinteoirí buana agus múinteoirí a bhfuil CID acu a ath-imlonnú i bhfolúntais. Foilseoidh an Roinn nuashonrú painéil rialta ar a láithreán gréasáin a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoi dhul chun cinn atá á dhéanamh ar ath-imlonnú múinteoirí buana agus múinteoirí a bhfuil CID acu.

(ii) **Is é an dáta is deireanaí le post buan a líonadh ar bhonn buan (agus de réir téarmaí na himlitreach seo) ná an chéad lá oibre de Shamhain, 2012.** Ina dhiaidh sin ní féidir post buan a líonadh ach ar bhonn téarma seasta (agus de réir téarmaí na himlitreach seo) murar múinteoir buan nó múinteoir a bhfuil CID aige ó phainéal ath-imlonnaithe an duine ceaptha. Ní bhaineann na socruithe seo le poist Phríomhoide a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan.

### 2. Fógra d'údaráis scoile faoi dháta dul ar scor.

Cé go bhfuil coinne leis go n-imeoidh tromlach na ndaoine atá ag dul ar scor go deonach sa scoilbhliain reatha i bhFeabhra 2012 ba chóir do dhaoine den fhoireann mhúinteoireachta a bhfuil fúthu dul ar scor níos deireanaí i 2012 a chur in iúl dá mBord Bainistíochta a luaithe agus is féidir go bhfuil sé i gceist acu dul ar scor.

Dírítear aird ar Imlitir 0045/2011 Íosthréimhse Fógra chun dul ar Scor a leagann amach íosthréimhse trí mhí don dul ar scor a tugadh isteach don tSeirbhís Phoiblí.

### 3. Rolluithe bailí

Déanfar líon na múinteoirí ranga príomhshrutha is cuí do scoil a chinneadh trí thagairt do rollú bailí na scoile ar 30 Meán Fómhair, 2011. Tá an sceideal rollaithe daltaí a theastaíonn do cheapadh agus do choinneáil múinteoirí ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2012/2013 ag dul leis seo in **Aguisín A**. (cuir nasc isteach)

Níor chóir ach daltaí a bhí rollaithe **go bailí** ar 30 Meán Fómhair 2011 a chur san áireamh chun críche an líon foirne a chinneadh. Chuige seo ní mór cloí le téarmaí na nImlitreacha Roinne 24/02 – Cinneadh Rollú Bailí i mBunscoileanna agus 32/03 – Coinneáil Daltaí i mBunscoileanna. **Ní chóir daltaí a choinnítear ar an gclár scoile ar 30 Meán Fómhair, 2011 d'fhonn an tAcht Oideachais agus Leasa, 2000 a chomhlíonadh, a chomhaireamh i leith rollaithe bailí d'fhonn an líon foirne a chinneadh.**

Cuirtear i gcuimhne do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le beachtas tuairisceán rollaithe don Roinn a chinntiú. Tá freagracht orthu an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi aon earráid nó mírialtacht ina dtuairisceáin rollaithe.

### 4. Critéir do Scoil atá i mBéal Forbartha don Scoilbhliain 2012/13

4.1 Sainmhínítear scoil i mbéal forbartha mar scoil ina mheasfar roimh ré go sáróidh an rollú ar 30 Meán Fómhair 2012 an rollú ar 30 Meán Fómhair, 2011

i) trí mhéadú uimhriúil íosta

**agus**

ii) trí 5 dhalta sa bhreis mar choinníoll a bheith acu thar an líon riachtanach do cheapachán

Do bhunscoileanna le Soláthar Foirne de Phríomhoide móide 7 Múinteoir Ranga Príomhshrutha nó níos mó is é an méadú uimhriúil dá dtagraítear in i) thuas ná 25 dalta.

Do bhunscoileanna le Soláthar Foirne de Phríomhoide móide 6 Múinteoir Ranga Príomhshrutha nó níos lú is é an méadú uimhriúil íosta dá dtagraítear in i) thuas ná 15 dalta. Ní mór meánmhéid ranga sa bhreis ar 28 dalta a bheith i bhfeidhm i scoileanna a lorgaíonn post faoin gcritéar seo (féach eisceachtaí ag 4.2 thíos). Déantar é seo a ríomh trí líon na bpost príomhshrutha a bhfuil coinne leo do 2012/13 (gan post forbraíochta san áireamh) a chur i bhfeidhm ar líon na ndaltaí réamh-mheasta don rollú i Meán Fómhair 2012.

Ní mór do scoileanna cáiliú faoin dá chritéar ag i) & ii) thuas agus i gcás scoileanna dá leithéid d’fhéadfaí go gceadófaí post buan breise (poist bhuana bhreise) <u>go sealadach</u> go dtí go ndéanfaí an rollú bailí ar 30 Meán Fómhair, 2012, a dhearbhú. Déanfar an soláthar foirne a choigeartú i bhfianaise na rolluithe bailí iarbhír ar 30 Meán Fomhair, 2012.

4.2 Tá dhá eisceacht ann:
<u>a) Scoil a lorgaíonn ceapachán an dara múinteoir ranga príomhshrutha.</u>
I gcásanna dá leithéid, ní thugtar ar scoileanna a réamh-mheasann méadú uimhriúil íosta 15 dalta ar 30 Meán Fómhair 2012 thar rollú 30 Meán Fómhair 2011 an líon 5 dhalta sa bhreis mar choinníoll thar an líon riachtanach do cheapachán nó an meánmhéid ranga sonraithe a bhaint amach. Caithfear an t-íosrollú réamh-mheasta 51 dalta a bhaint amach, mar sin féin, leis an dara múinteoir ranga príomhshrutha a fháil.

<u>b) Scoileanna a bhfuil níos mó ná ceapachán aon phost scoile forbraíochta uathu.</u>
I gcásanna dá leithéid, ní mór do scoileanna ceanglas an íosmhéadaithe uimhriúil agus an líon sonraithe 5 dhalta sa bhreis ar an líon ceapacháin don chéad phost scoile forbraíochta a chomhlíonadh. I gcás gach post a lorgaítear ina dhiaidh sin mí mór an líon sonraithe 5 dhalta sa bhreis ar an bhfigiúr ceapacháin a chomhlíonadh.

4.3 Ba chóir do scoileanna a n-iarratais ar phost múinteoireachta breise nó ar phoist mhúinteoireachta bhreise ar chúinsí forbraíochta a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Leithdháilte Bunscoile an Aoine **<u>4 Bealtaine 2012</u>** nó roimhe. Cé go ndéanfar iarratais níos deireanaí a bhreithniú freisin spreagtar scoileanna a n-iarratais a bheith ag an Roinn 4 Bealtaine 2012 nó roimhe.

Meabhraítear do scoileanna i gcomhthéacs acmhainní breise a lorg ón Roinn ar bhonn scoile atá i mbéal forbartha go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh an <u>rollú réamh-mheasta réadúil</u>.

## 5. Ceapachán an 1ú Múinteoir Príomhshrutha i scoileanna nua

Is é an rollú a theastaíonn don scoilbhliain 2012/13 do cheapachán Príomhoide agus 1 múinteoir ranga príomhshrutha do scoil atá ag oscailt i Meán Fómhair 2012 ná 20 dalta. Caithfear an rollú seo a bhaint amach faoi 30 Meán Fómhair, 2012.

## 6. Scoileanna ar Oileán

Sa chás go bhfágfadh laghdú ar an líon dalta i scoil ar oileán go gcaillfí an dara nó an tríú post múinteoireachta príomhshrutha sa scoil, féadtar na poist a choinneáil, faoi réir ag:

- i gcás an dara post príomhshrutha go bhfuil líon iomlán na ndaltaí sa scoil ag 8 nó os a chionn agus an scoil mar an t-aon bhunscoil amháin fanta ar an oileán nó
- i gás an tríú post príomhshrutha go bhfuil líon iomlán na ndaltaí sa scoil ag 45 nó os a chionn.

# Cuid 4

## An Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne

### 1. Rochtain ar phróiseas achomhairc

Cuireadh leis na critéir achomhairc um sholáthar foirne atá ann chun freastal orthu seo a leanas:

- Rochtain ar scoileanna beaga atá le post múinteoireachta ranga a chailleadh mar gheall ar an mbeart buiséid agus a bhfuil coinne acu anois le rolluithe méadaithe i Meán Fómhair 2012 a bheadh leordhóthanach chun ceadú dóibh a bpoist ranga atá ann faoi láthair a choinneáil thar thréimhse fhadtéarmach.

- Chun socruithe céimnithe teoranta a chumasú do scoileanna sa chás ina mbíonn drochthionchar ar leith ag bearta buiséid agus leasaithe le chéile ar leithdháileadh foriomlán scoile. Féadfaidh scoileanna atá le 3 phost nó níos mó a chailleadh de bharr bearta buiséid agus leasaithe i dteannta a chéile iarratas a dhéanamh ar an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne d'fhonn a iarraidh go gcuirfí cuid den chaillteanas post siar go dtí an scoilbhliain 2013/14.

### 2. Socruithe don scoilbhliain 2012/13

Déanfaidh an Bord Achomhairc, a fheidhmíonn neamhspleách ar an Aire agus ar an Roinn, achomhairc don scoilbhliain 2012/13 a bhreithniú.

Tá sé beartaithe go dtionólfar an chéad chruinniú den Bhord Achomhairc um Sholáthar Foirne chun déileáil le hachomhairc don scoilbhliain 2012/13 in Aibreán, 2012. Tionólfar a thuilleadh cruinnithe de réir mar a theastaíonn sa Mheitheamh agus i nDeireadh Fómhair 2012.

Is é an **Aoine 23 Márta, 2012** an dáta deiridh d'achomhairc foirne a chur isteach don chruinniú tosaigh.

Cuirfear na dátaí deiridh d'achomharc foirne a chur isteach agus dátaí do chruinnithe amach anseo ar láithreán gréasáin na Roinne in am trátha.

**Tabhair ar aird le bhur dtoil go gcloífear go docht le dátaí deiridh, agus dá réir, ní bhreithneoidh an Bord achomhairc a fhaightear tar éis dáta deiridh ar leith ag an gcruinniú sin.**

Ní mór achomhairc a chur isteach chuig an Rannóg Leithdháilte Bunscoile, Rannán na Scoileanna, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Luain, ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach, a rá go soiléir na critéir faoina bhfuil an t-achomharc á dhéanamh. Cuir "Achomharc um Sholáthar Foirne" ar an gclúdach le bhur dtoil.

Tá an fhoirm iarratais chaighdeánach ar fáil in **Aguisín F**.

Cuirfear stádas DEIS scoile san áireamh in aon iarratas achomhairc.

### 3. Ní cheadaítear do Bhord Bainistíochta ach achomharc amháin a dhéanamh i gcás ar leith.

Áireofar gur cinneadh deiridh é breithniú an Bhoird Achomhairc maidir leis an bpost (na poist) agus ní bhreithneofar aon achomharc eile i leith na scoilbhliana 2012/13.

## 4. Critéir Achomhairc:

Féadfaidh an Bord Achomhairc a chinneadh go bhfuil sé riachtanach imeacht ón sceideal soláthair foirne sna cúinsí a bhfuil cur síos orthu in (a) go (f) thíos

a) Sa chás gur gá imeacht ón sceideal soláthair foirne chun freastal ar dheacrachtaí cóiríochta eisceachtúla mar scoileanna ag feidhmiú ar láithreán scoilte ar feadh tréimhse tar éis cónasctha nó roimh sholáthar foirgnimh bhuain. Caithfidh an scoil a léiriú chun sástachta an Bhoird an fáth go bhfuil údar le post múinteoireachta breise chun freastal ar an deacracht cóiríochta eisceachtúil.

b) I gcás go bhfuil an Bord Achomhairc sásta, ar bhonn fianaise infhíoraithe, go raibh an líon riachtanach daltaí rollaithe i Meán Fómhair* nó Deireadh Fómhair 2011, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu nár cláraíodh iad an 30 Meán Fómhair, 2011. Ach, chun críocha foirne, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain.**

c) I gcás go measann an Bord Achomhairc maidir le deonú poist faoin gcritéar scoile atá i mbéal forbartha, go raibh an líon daltaí réamh-mheasta a theastaigh leis an bpost a choinneáil, rollaithe nó ar dhócha iad a bheith rollaithe faoi Nollaig, 2012, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, nár rolladh iad mar a raibh súil leis an 30 Meán Fómhair, 2012. Déanfar post a leithdháileann an Bord Achomhairc faoin gcritéar seo a cheadú ar bhonn sealadach faoi réir daingniú gur baineadh an rollú riachtanach amach roimh 31 Nollaig 2012. Mar atá le (b) thuas, chun críche soláthair foirne, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain. **

* Ní bheidh dalta a fhágann an scoil roimh 30 Meán Fómhair agus nach bhfilleann ar an scoil sa scoilbhliain, incháilithe lena mheas faoin gcritéar seo.

** Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair a fhíorú nár ghá an dalta a chomhaireamh do cheapachán nó do choinneáil múinteora sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc ar chóir ligean don dalta a bheith san áireamh mar chuid den rollú chun críche soláthair foirne sa scoil in ar aistrigh sé/sí isteach ann.

d) I gcás go mbíonn an Bord Achomhairc sásta, tar éis dó na cúinsí a leag scoil amach a mheas ina bhfuil 20% (25% roimhe seo) ar a laghad dá rollú iomlán comhdhéanta de dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu (daltaí le níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) agus ag féachaint don líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu, d'fhéadfadh sé go gceadófaí post breise (nó poist bhreise) ar bhonn sealadach chun tacú le riachtanais oideachasúla daltaí dá leithéid.

e) I gcás go gcuireann scoil a bhfuil ceathrar múinteoir ranga nó níos lú aici atá ag cailleadh post ranga príomhshrutha de thoradh méadú céimnithe sna figiúirí ceapacháin agus coinneála a bhfuil cur síos orthu do scoileanna beaga in Aguisín A fianaise thacaithe ar fáil go dtiocfaidh méadú leordhóthanach ar a rolluithe faoin 30 Meán Fómhair, 2012 leis an bpost a choinneáil don scoilbhliain ina dhiaidh sin (2013-14), féádfaidh an Bord Achomhairc a cheadú don scoil an post príomhshrutha a choinneáil. Tá na tairseacha ábhartha leagtha amach in Aguisín A. Mar shampla, le go bhfanfaidh scoil ina scoil Banda 1 DEIS a bhfuil 2 múinteoir ranga aici, ní mór di fianaise thacaithe a chur ar fáil go mbeidh 17 dalta ar a laghad ar a rolla an 30 Meán Fómhair 2012. Ba chóir do scoileanna a léiriú cén chaoi a gcoimeádfar a rollú breise san fhadtéarma.

f) I gcás go bhfuil scoil ag cailleadh 3 phost nó níos mó de bharr bearta buiséid agus leasaithe i dteannta a chéile is féidir iarratas a dhéanamh ar an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne d'fhonn a iarraidh go gcuirfí cuid den chaillteanas post siar go dtí an scoilbhliain 2013/14 ar an mbonn go bhfuil drochthionchar ar leith aige ar leithdháileadh foriomlán scoile.